

Cia cheannchas adhmaid naoi rann?

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 8]

Seaán mhac Ruaidhrí Uí Uiginn .cc.

1 Cia cheannchus adhmaid naoi rann,  
dá bhfaghadh cunnradh ann súd?  
ar Laighnibh ciarbh ard a tteisd  
dom aithne is cruaidh an cheisd úd.

2 Is é freagra Branach oirn:  
ná cluintior ocht roinn ná naoi;  
go dul Sagsanach tar sál  
ní dhíolfam dán iná laoidh.

3 Fine Tuathail na nduas ttrom  
anois ní thiúrdaois bonn bán,  
go gcuirid suas do shídh Gall  
ar luach fichead marg do dhán.

4 Caomhánuigh cérbh fhoraois cliar,  
ré neach dhíobh ní fhuil mo shúil  
fear ceannuigh adhmuid naoi rann  
do ghuais Ghall ní haithne dhúin.

5 Dá siobhlainn, níor dhóigh mo dhíol,  
fuil Ghearaltach na ngníomh n-ard  
go síol Mórdha nár dhiúlt draoi,  
le hadhmaid beag na naoi rann.

6 Cúigeadh Laighion na mac ríogh,  
usaide díol mo naoi rann;  
do dearbhadh dúin, deimhin scél,  
go bhfuil fréamh don einíoch ann.

7 Fear nach umhal do nós Gall  
Aodh mhac Seaáin is ard gnaoi,  
ós air do chuirios mo chrann  
le hadhmaid ocht rann nó naoi.

8 Saoirleannán scoile Chláir Cuinn,  
Aodh mhac Seaáin nár thuill béim,  
mo naoi roinn chuige dá ttriall;  
leantor lé coin a fiadh féin.

9 Acht ua Rémuinn tuillios blad, h,  
ní haithnidh damh thoir ná thiar  
neach le ceannach [mo] naoi rann;

má tá ann ní fheadar cia.